# Réamhrá

## An Dáta Deiridh d'Iarratais: Dé hAoine, an 19 Eanáir 2026 ag a 4.00 i.n.

Tairgíonn níos mó ná 27 údarás áitiúil ar fud Oileán na hÉireann sparánachtaí a chuireann ar chumas ealaíontóirí tréimhse coicíse a chaitheamh in Ionad Tyrone Guthrie. Clúdaítear costas bia agus leapa, móide úsáid as stiúideo má theastaíonn sin, faoin sparánacht. Is cúis ríméid d'Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an deis seo a thairiscint d'ealaíontóirí a bhfuil cónaí orthu i gCathair na Gaillimhe. Tá eolas níos mine faoi Ionad Tyrone Guthrie ar fáil ar www.tyroneguthrie.ie

## Aidhmeanna agus cuspóirí na sparánachta

(i) Fónamh do réimse leathan ealaíontóirí maidir le spás agus tréimhse ama a thapú i mbun infheistíocht a dhéanamh ina ngnás pearsanta, gairmiúil agus ealaíne.

(ii) Fónamh d'ealaíontóirí i mbun a gcuid saothair a chur i láthair an phobail dár díobh iad, le taispeántais, taibhréimeanna, léitheoireacht agus torthaí poiblí eile.

(iii) Treisiú le comhpháirtíocht Ionad Tyrone Guthrie le húdaráis áitiúla agus feidhmiú mar mhórbheart comhair idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann.

## Daoine atá incháilithe maidir le cur isteach ar an Sparánacht

(i) Saothraithe Aonair Cruthaitheachta a shaothraíonn sna réimsí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Ailtireacht | Ealaín Fuaime |
| Ealaíona Pobail | Amharclannaíocht |
| Sorcas | Ealaíona Traidisiúnta |
| Ealaíona Digiteacha | Ildánaíocht |
| Damhsa | Ceol |
| Féile | Ceoldrámaíocht |
| Scannánaíocht & Físeáin | Amharcealaín |
| Litríocht | |

